

# E



10 - Gafa le mata
11 - Ag súgradh le huimhreacha

# Clár



| | |
|---|---|
| Ag caint fán mhatamaitic | 2 |
| Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá | 3 |
| Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic | 4-5 |
| Scileanna matamaitice | 6 |
| An mhatamaitic sa bhaile | 7 |
| Tuilleadh gníomhaíochtaí súgartha matamaitice | 8 |
| Ag spraoi agus ag foghlaim | 9 |
| Cluichí cártaí | 10-10a |
| Cluichí boird | 11 |
| Cluiche boird | 12 |
| An spinéar | 13 |
| Míreanna mearaí | 14 |
| Cluichí a imirt | 15 |


# Ag caint fán mhatamaitic

Thig cuid mhór focla matamaitice a theagasc don pháiste.  Amharc na samplaí seo thíos:

Am




Meáchan



Méid




Líon



Ord



Treo



- Tabhair gach uchtach don pháiste rudaí a chur i gcosúlacht agus i gcomparáid le chéile.
- Bíodh focla matamaitice trí na scéalta a insíonn tú daofa.
- Dírigh aird an pháiste ar na focla matamaitice ar chomharthaí agus ar lipéid.
- Cuidigh leis an pháiste na focla a bheas de dhíth uirthi agus í ar scoil a fhoghlaim.

# Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá

Bíonn an mhatamaitic in úsáid againn ar go leor leor bealaí.

**Smaoinigh ar na rudaí a dhéanann tú fhéin agus an páiste le chéile achan lá.**
Caidé na rudaí a mbíonn an mhatamaitic i gceist iontu?

**Smaoinigh ar chuid de na cluichí a bhíonn á n-imirt agaibh.**
Caidé na scileanna matamaitice a úsáidtear sna cluichí seo?

**Smaoinigh ar rannta, ar amhráin agus ar scéalta.**
An mbíonn an mhatamaitic i gceist i gceann ar bith acu?

**Nuair a théann sibh amach a shiúl le chéile . . .**
An mbíonn sampla ar bith le feiceáil den mhatamaitic in úsáid?

**An ndéanann sibh:**

- uimhreacha a úsáid?
- rudaí a chur in ord?
- rudaí a sheortáil?
- rudaí a chur i réimsí éagsúla?
- meáchan a sheiceáil?
- treonna a úsáid?
- rudaí a chuntas?
- rudaí a chur i gcomparáid le chéile?
- rudaí a mheaitseáil?
- rudaí a thomhas?
- a bheith ag caint fá chúrsaí ama?
- a bheith ag caint fá chrotha?

**Gníomhaíochtaí matamaitice atá in achan cheann acu seo.**

# Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic

Dúirt muid roimhe go mbíonn páistí ag cur eolais ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. Tá an rud céanna fíor fán mhatamaitic. Tchíonn páistí a dtuismitheoirí fhéin ag úsáid uimhreacha, agus cluin siad daoine fásta ag caint fá uimhreacha. Ní fada go dtuigeann siad go bhfuil ciall agus cuspóir ag baint le huimhreacha.

Seo cúpla bealach a dtig leat cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic:

**Uimhreacha a úsáid**

Beidh cleachtadh go leor de dhíth air sula dtuigeann sé uimhreacha mar is ceart.

- Dírigh a aird ar na huimhreacha atá thart air: cloganna, féilirí, comharthaí agus araile.
- Thig libh rudaí a chuntas agus a chuntas arís is arís eile: "Cá mhéad bloc Lego atá agat?", "Cá mhéad milseán a fuair tú?", "An miste leat trí úll a fháil domh?"
- Bain triail as suimiú simplí: "Chuir mé briosca amháin sa bhosca agus tá mé ag cur briosca eile isteach anois. Cá mhéad briosca atá ann anois?"
- Ní miste roinnt fadhbanna simplí dealaithe a chur ina láthair. "Tá trí shlisín mhuiceola fágtha ach tá mé le ceann acu a thabhairt duit le do dhinnéar. Cá mhéad slisín a bheas fágtha ansin?"

**Ag amharc ar phatrúin, ag meaitseáil agus ag seortáil**

- Dírigh aird an pháiste ar phatrúin: "Nach deas na stríocanna ar do léine - dearg, gorm, glas, dearg, gorm, glas." Iarr ar an pháiste fhéin cur síos ar phatrúin.
- Thig leis an bheirt agaibh éadaí nite a sheortáil. Lig don pháiste stocaí a mheaitseáil.
- I ndiaidh daoibh an siopadóireacht a dhéanamh, cuidigh leis an pháiste an bia a sheortáil agus a chur sna priosanna cearta.

**Spás agus treo**

- Tabhair soithí móra agus soithí beaga dó agus é san fholcadán le go dtig leis súgradh leofa.
- Tabhair míreanna mearaí simplí dó.
- Bí ag caint leis fá 'taobh na láimhe deise agus taobh na láimhe clé'.

# Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic

## Ag caint fán mhatamaitic

- Bí ag úsáid focla a chuireann rudaí i gcomparáid le chéile: "Cé acu úll is mó?" nó "Cé acu bosca is airde?"
- Bí ag ceol amhrán a bhfuil uimhreacha luaite iontu: 'Andaí Leisciúil',
- Bí ag aithris rannta daofa a bhfuil uimhreacha luaite iontu: 'A hAon, a Dó, a Trí, Luchóga Beaga Buí'.
- Léigh leabharthaí a bhfuil uimhreacha luaite iontu **'Na Trí Mhuicín Bheaga'**.


## Bí ag caint fá chúrsaí ama

- Cuir féilire ar taispeáint in áit a bhfeicfidh an páiste é. Beidh tú ábalta é a úsáid le comhrá a thoiseacht fá laethanta na seachtaine. Thig imeacht an ama roimh laethanta breithe agus ócáidí eile a mharcáil agus tic a chur leis na laethanta de réir mar a imíonn siad.
- Thig an t-am a chur i láthair an pháiste agus a aird a dhíriú ar uimhreacha agus ar an chlog.
- Bain úsáid as an RTÉ Guide (nó an nuachtán) le hamanna na gcláracha a bhfuil dúil acu iontu a sheiceáil.

## Airgead a úsáid

- Le linn daoibh a bheith ag siopadóireacht, lig don pháiste praghas na n-earraí a fheiceáil.
- Bí ag caint fán phraghas atá ar earraí agus cuir i gcomórtas le chéile iad: "25 cent an ceann atá na húlla seo agus 15 cent an ceann atá na horáistí. Ar cheart dúinn na horáistí a cheannacht?"
- Cuir thusa agus an páiste 'siopa' ar bun. Bailigh le chéile málaí siopadóireachta, paicéid agus cannaí folamha. Thig bhur gcuid 'airgid' fhéin a dhéanamh nó úsáid a bhaint as airgead ceart.

# Scileanna matamaitice




Ainm

Aois

**Déan fótachóip fá choinne achan pháiste**

# An mhatamaitic sa bhaile

Cén obair mhatamaitice ar bhain tú triail aisti an tseachtain seo?

Ar bhain tú fhéin agus an páiste sult as an obair sin?

Caidé na gníomhaíochtaí eile ar mhaith leat triail a bhaint astu?

Ar chuidigh **Scileanna Matamaitice** leat rud ar bith a thabhairt fá dear fá scileanna matamaitice do pháiste?

An bhfuil scileanna ar bith eile ba mhaith leat a chur leis an liosta in **Scileanna Matamaitice**?

# Tuilleadh gníomhaíochtaí súgartha matamaitice

- Méara agus ladhracha a chuntas
- Ag súgradh le snáithí agus le spóil
- 'Siopa' a reáchtáil
- Éadaí a chur ar bhéiríní agus ar bhábóga
- Dul i bhfolach ar a chéile
- Teach beag nó puball a dhéanamh
- Ag súgradh le gaineamh nó uisce
- Cleas na bacóide (hopscotch) a imirt
- Bréagáin a shórtáil
- Leabharthaí gearrthóg (scrapbooks) a choinneáil
- Cártaí a dhéanamh
- Cluichí tomhais a imirt

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Ag spraoi agus ag foghlaim

Caidé a fhoghlaimíonn páistí ó bheith ag imirt cluichí?

| Scileanna sóisialta | Scileanna smaointeoireachta |
|---|---|
| • treoracha a leanstan<br>• fanacht lena seal fhéin<br>• foighde<br>• obair ghrúpa<br>• ag caint is ag éisteacht<br>• a bheith sásta is cuma má bhaineann nó má chailleann siad<br>• iad fhéin a iompar go freagrach | • faire agus amharc<br>• a n-intinn a dhíriú ar an ábhar<br>• scileanna cuimhne<br>• pleanáil<br>• straitéis a fhorbairt<br>• cinneadh a dhéanamh<br>• athchomhairle a dhéanamh |
| **Scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta** | **Scileanna matamaitice** |
| • litreacha agus focla a aithne<br>• crotha agus siombailí a aithne<br>• fuaimeanna agus rímeanna a chluinstin<br>• rudaí a chur in ord<br>• ord aibítreach a úsáid<br>• fios a bheith acu caidé atá ag gabháil a tharlú | • uimhreacha a aithne<br>• dathanna a aithne<br>• rudaí a chuntas<br>• seortáil agus meaitseáil<br>• ord uimhreacha a úsáid<br>• scileanna tomhais agus measúnaithe |



# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| Ábhair | Cairtchlár (ó bhoscaí Corn Flakes), rialóir, siosúr, stionsail nó pictiúirí, marcóirí. |
| Treoracha | Tomhais an cairtchlár agus gearr amach na cártaí. Bí cinnte go bhfuil achan cheann chomh mór lena chéile.<br><br>Tarraing pictiúr ar achan chárta. Bíodh idir phéirí agus foirne de thrí chárta ann. |
| Samplaí | Úlla, oráistí, bananaí, meacain dhearga, prátaí, piseanna, bróga, buataisí, bróga reatha, sceana, foirc, spáineacha, tarracóir, carr, leoraí. |
| Imirt | Tá ar a laghad trí chluiche a thig a imirt leis na cártaí seo. |
| Iasc sa linn | Tabhair trí chárta do gach imreoir. Cuir na cártaí eile i bhfáinne mar a bheadh bruacha linn uisce ann. Is é cuspóir an chluiche trí chárta a mheaitseáil. Piocann achan duine de na himreoirí, seal i ndiaidh a chéile, cárta amháin ó 'bhruach na habhann'. B'fhéidir gur leathchárta péire atá ann, nó go gcuirfear ar ais i measc na gcártaí eile é, nó go gcoinneofar é agus go gcuirfear cárta eile ar ais ina áit. Achan phéire atá ag meaitseáil, cuirtear ina luí béal suas iad, sa dóigh is go dtig le hachan duine a fheiceáil go bhfuil siad ag meaitseáil. Is é an chéad duine a mheaitseálann trí phéire a bhaineann an cluiche. |

# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 Amach | Tá an cluiche seo cosúil ar bhealaí le **'Iasc sa Linn'** ach is é cuspóir an chluiche seo ná foireann chártaí (úll, oráiste, banana) a fháil amach as an linn. Is é an chéad duine a fhaigheann foireann iomlán a bhaineann an cluiche. |
| Meaitseáil | Leag na cártaí amach béal síos i bpatrún dronuilleogach (ocht gcárta trasna agus trí chárta síos). Tiontaíonn achan imreoir dhá chárta, achan duine ar a sheal fhéin. Má tá meaitseáil ann, coinníonn sé iad. Mura bhfuil meaitseáil ann caithfidh sé iad a thiontú béal síos arís. Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go bhfuil achan chárta meaitseáilte. Is é an duine is mó a bhfuil cártaí aige a bhaineann. |

**B'fhéidir gurbh fhearr le páistí níos sine paca cártaí a ceannaíodh i siopa a úsáid agus iad ag foghlaim cluichí cártaí.**

# Cluichí boird

Ábhair

Cluiche boird agus cairtchlár (ó bhoscaí Corn Flakes), cnaipí damhsa licíní.

Treoracha

Pioc téama inteacht fá choinne an chluiche (mar shampla, zú, siopaí, an baile mór). Thig leat an bord a mhaisiú, ag brath ar théama an chluiche.

Samplaí

Cuir i gcás go bhfuil cluiche siopadóireachta ann, thiocfadh cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúirí de na cineálacha bídh atá ar fáil sna siopaí, nó le pictiúirí de shiopaí agus a gcuid lógónna.

Más cluiche zú atá ann, thiocfadh cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúirí d'ainmhithe a bhíos le feiceáil i zú, cuir i gcás eilifintí, moncaithe, tíogair agus mar sin de.

Más baile mór atá i gceist, thiocfadh cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúirí de rudaí atá le fáil sa bhaile mhór, cuir i gcás scoil, teach pobail, oifig an phoist agus mar sin de.

Imirt


Bain casadh as an chnaipe dhamhsa le fáil amach cá mhéad spás atá le bogadh. Bog an licín chun tosaigh a oiread sin spásanna. Nuair a thig an t-imreoir go dtí spás a bhfuil pictiúr air, caithfidh sé ceist a fhreagairt fán phictiúr.


Sampla

Cuir i gcás, sa chluiche zú, go dtig an t-imreoir go dtí pictiúr d'eilifint. Thiocfadh an tuismitheoir fiafraí de: 'Cén dath atá ar eilifint?'


Má bhíonn an freagra ceart ag an imreoir thig leis seal eile a ghlacadh.


'Is é an chéad duine a bhaineann an deireadh amach a bhaineann an cluiche.






Déan cóipeanna de réir mar is gá







Déan cóipeanna de réir mar is gá

# Míreanna mearaí

| | |
|---|---|
| Ábhair | Cairtchlár (ó bhoscaí Corn Flakes), pictiúirí (cuir i gcás grianghraif den teaghlach), pictiúirí as irisí, pictiúirí Clipart ón ríomhaire, gliú, siosúr. |
| Míreanna mearaí a dhéanamh | Pioc pictiúr, gearr amach é agus greamaigh den chairtchlár le gliú é. Fan cúpla bomaite go mbeidh an gliú tirim. Gearr an cairtchlár sa dóigh is go bhfuil sé díreach ar aon chrot leis an phictiúr. Gearr amach na míreanna mearaí i gcrotha difriúla. |
| An cluiche a imirt | Caithfidh na páistí na míreanna mearaí a chur sna háiteacha cearta le pictiúr iomlán a dhéanamh. |

Má éiríonn na cluichí seo rófhurasta don pháiste, thiocfadh na míreanna a dhéanamh níos lú nó fiú dhá fhoireann míreanna a mheascadh ina chéile agus a fhágáil fán pháiste iad a scaradh ó chéile.



# Cluichí a imirt


Cén cluiche a d'imir tú leis an pháiste?

Ar ghlac duine ar bith eile den teaghlach páirt sa chluiche?

Caidé na scileanna matamaitice a d'úsáid an páiste sa chluiche seo?

An raibh cuid ar bith den chluiche a bhí ródhoiligh don pháiste a dhéanamh gan chuidiú? Caidé an cuidiú a thug tú dó?

An mbíonn an mhatamaitic in úsáid ag an pháiste i gcluichí eile? Luaigh sampla nó beirt, le do thoil.



# Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science